Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11245 – GTCR / WORLDPAY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 317/12)

1. An 31 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Cistí arna mbainistiú ag GTCR, LLC ('GTCR', SAM),

— New Boost Holdco, LLC ('Worldpay', SAM).

Gheobhaidh GTCR rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Worldpay ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é GTCR atá dírithe ar infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí fáis sna tionscail Seirbhísí Airgeadais & Teicneolaíochta, Cúram Sláinte, Teicneolaíocht, Meáin & Teileachumarsáide agus Seirbhísí Gnó,

— Is cuideachta dhomhanda teicneolaíochta íocaíochta é Worldpay, a sholáthraíonn seirbhísí fála ceannaí agus seirbhísí teicneolaíochta gaolmhara do cheannaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11245 – GTCR / WORLDPAY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.